# Athruithe ar an dlí cíosa ón 1 Márta 2026 ar aghaidh: **Treoir do thionóntaí**

Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board



## Cad a bheidh ag athrú an 1 Márta 2026?

Rialacha nua cíosa ón 1 Márta 2026 ar aghaidh:

- Cosaintí níos láidre do thionóntaí a thabhairt isteach
- Athrú a dhéanamh ar na rialacha maidir le conas is féidir le tiarna talún deireadh a chur le tionóntacht
- Córas náisiúnta rialaithe cíosa a thabhairt isteach

Níl feidhm ag na hathruithe ach amháin maidir le tionóntachtaí nua arna gcruthú ón 1 Márta 2026 ar aghaidh. Ní dhéantar aon athrú leo ar na rialacha maidir le tionóntachtaí atá ann cheana.

## Faoi na rialacha nua, cá fhad is féidir liom fanacht i mo theach ar cíos?

Is é ráthaíocht tionachta an ceart atá agat chun fanacht i do theach ar cíos. Gheobhaidh tú an ceart sin:

- Nuair atá tú ag cónaí sa mhaoin ar feadh sé mhí as a chéile, agus
- Nuair nár sheirbheáil do thiarna talún Fógra Foirceanta bailí sa tréimhse sin.

Is féidir le gach tiarna talún deireadh a chur le tionóntacht sa chéad sé mhí ar chúis ar bith. Tar éis sé mhí, ní féidir le do thiarna talún deireadh a chur le do thionóntacht ach amháin ar chúiseanna dlíthiúla sonracha. Bíonn siad sin ag brath:

- Ar cén uair a thosaigh do thionóntacht, agus
- Ar cá mhéad tionóntacht atá ag do thiarna talún (i gcás tionóntachtaí arna gcruthú ón 1 Márta 2026 ar aghaidh).

### Tionóntacht arna cruthú ón 1 Márta 2026 ar aghaidh

Beidh timthriall tionóntachta 6 bliana ar a laghad agat (ar a dtugtar Tionóntacht Ré Íosta). Mar sin féin, is féidir le do thiarna talún deireadh a chur le do thionóntacht tráth ar bith más rud é:

- Go sáraíonn tú d’oibleagáidí.
- Nach bhfuil an mhaoin oiriúnach do do riachtanais a thuilleadh.

**Má tá 4 thionóntacht nó níos mó ag do thiarna talún (nó más cuideachta é):** Is iad an dá chúis thuas an t-aon chineál cúiseanna ar féidir le do thiarna talún deireadh a chur le do thionóntacht.

**Má tá idir tionóntacht amháin agus 3 thionóntacht ag do thiarna talún:** Tá roinnt cúiseanna breise ann ar féidir le do thiarna talún deireadh a chur le do thionóntacht:

- **Le linn timthriall tionóntachta 6 bliana:**
  - Má theastaíonn ón tiarna talún díol chun cruatan airgeadais nó cruatan eile nach bhfuil gá leis a sheachaint.
  - Má theastaíonn ón tiarna talún nó ó dhlúthdhuine de theaghlach an tiarna talún cónaí sa mhaoin.
- **Ag deireadh timthriall tionóntachta 6 bliana:**
  - Má theastaíonn ón tiarna talún nó ó dhuine de theaghlach an tiarna talún cónaí sa mhaoin.
  - Chun an mhaoin a dhíol.
  - Chun athchóiriú suntasach a dhéanamh ar an maoin.
  - Chun úsáid na maoine a athrú.

### Tionóntacht arna cruthú roimh an 1 Márta 2026

Is féidir le do thiarna talún deireadh a chur le do thionóntacht tráth ar bith ar 6 chúis:

- Sáraíonn tú d’oibleagáidí.
- Níl an mhaoin oiriúnach do do riachtanais a thuilleadh.
- Teastaíonn ón tiarna talún nó ó dhuine de theaghlach an tiarna talún cónaí sa mhaoin.
- Chun an mhaoin a dhíol.
- Chun athchóiriú suntasach a dhéanamh ar an maoin.
- Chun úsáid na maoine a athrú.

**Ní dhéanann an líon tionóntachtaí atá ag an tiarna talún aon difear sna cásanna sin.**

### Tionóntacht arna cruthú roimh an 11 Meitheamh 2022

Ag deireadh théarma tionóntachta Chuid 4 nó Chuid 4 Bhreise, is féidir le do thiarna talún deireadh a chur le do thionóntacht ar aon chúis freisin. Ní gá go bhfuil an chúis sin ar cheann de na 6 chúis shonracha a bhfuil feidhm acu maidir le tionóntachtaí arna gcruthú roimh an 1 Márta 2026.

# Cé na rialacha nua maidir le méaduithe cíosa?

Ón 1 Márta 2026 ar aghaidh, beidh feidhm ag córas náisiúnta nua rialaithe cíosa maidir le gach tionóntacht phríobháideach agus le cóiríocht atá sonrach do mhic léinn (SSA). Faoin gcóras sin:

- Ní féidir cíos a mhéadú ach uair amháin sa bhliain agus ní féidir é a mhéadú ach amháin faoi 2% – nó ar aon dul leis an mboilsciú más ísle é sin. Is de réir an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) a dhéantar ráta an bhoilscithe a thomhas.
- **I gcás tionóntachtaí príobháideacha arna gcruthú tar éis an 1 Márta 2026:** Ceadaítear athshocrú go cíos margaidh i gcásanna sonracha. Is iad sin:
    - Nuair a thosaíonn tionóntacht nua (ach amháin má tháinig an tionóntacht dheireanach chun deiridh toisc gur roghnaigh an tionónta imeacht, toisc gur sháraigh an tionónta a (h)oibleagáidí nó toisc nach n-oireann an mhaoin do riachtanais an tionónta a thuilleadh).
    - Ag deireadh timthriall tionóntachta 6 bliana (Tionóntacht Ré Íosta).
- **I gcás tionóntachtaí atá ann cheana arna gcruthú roimh an 1 Márta 2026:** Ní cheadaítear athshocrú go cíos margaidh.

## Eisceachtaí:

- **I gcás árasáin nua agus cóiríocht atá sonrach do mhic léinn, i gcás gur tosaíodh an tógáil an 10 Meitheamh 2025 nó ina dhiaidh:** Is féidir le méaduithe bliantúla an CPI a leanúint, agus níl aon uasteorainn 2% ann.
- **Athshocrú go cíos margaidh do chóiríocht atá sonrach do mhic léinn:** Ní cheadaítear é ach uair amháin gach 3 bliana ón 1 Márta 2029 ar aghaidh.
- **Tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe agus tionóntachtaí ar cíos de réir costais:** Níl feidhm ag na rialacha náisiúnta rialaithe cíosa.

| Cineál tionóntachta | Ceadaítear méadú bliantúil | Athshocrú go cíos margaidh |
|---|---|---|
| **Tionóntacht phríobháideach arna tosú <u>roimh an</u> 1 Márta 2026** | 2% – nó ráta an bhoilscithe (CPI) más ísle é sin | Ní cheadaítear é |
| **Tionóntacht phríobháideach arna tosú <u>tar éis an</u> 1 Márta 2026** | 2% – nó ráta an bhoilscithe (CPI) más ísle é sin | Ceadaítear é i dtús tionóntachta nua, ach amháin tar éis 'foirceannadh gan locht'<br>Ceadaítear é ag deireadh timthriall tionóntachta 6 bliana |
| **Árasán príobháideach nua** (i gcás gur tosaíodh an tógáil tar éis an 10 Meitheamh 2025) | Ar aon dul leis an mboilsciú (CPI). **Níl aon uasteorainn 2%** i bhfeidhm. | Ceadaítear é i dtús tionóntachta nua, ach amháin tar éis 'foirceannadh gan locht'<br>Ceadaítear é ag deireadh timthriall tionóntachta 6 bliana |
| **Cóiríocht atá sonrach do mhic léinn** (SSA) | 2% – nó ráta an bhoilscithe (CPI) más ísle é sin | Ceadaítear é uair amháin gach 3 bliana ón 1 Márta 2029 ar aghaidh |
| **Cóiríocht nua atá sonrach do mhic léinn (i gcás gur tosaíodh an tógáil tar éis an 10 Meitheamh 2025)** | Ar aon dul leis an mboilsciú (CPI). **Níl aon uasteorainn 2%** i bhfeidhm. | Ceadaítear é uair amháin gach 3 bliana ón 1 Márta 2029 ar aghaidh |

## An dteastaíonn tuilleadh cabhrach uait?

Rialálann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) earnáil cíosa na hÉireann. Má sháraíonn do thiarna talún an dlí cíosa, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chuig RTB ar réiteach díospóide nó féadfaidh tú do thiarna talún a thuairisciú le haghaidh imscrúdaithe.

Téigh chuig **rtb.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil.